**Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach – Dónal Ó hAiniféin (Iar-Chathaoirleach ar COGG ar tháinig deireadh lena thréimhse mar Chathaoirleach ar an 31 Eanáir 2022)**

Thar ceann Bhord COGG dearbhaím go bhfuil córais éifeachtacha inmheánacha rialú airgeadais i bhfeidhm ag COGG agus go bhfuil an Bord freagrach as na córais sin. Dearbhaítear go ndéantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe seo. Aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas um rialú inmheánach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tíosach. An aidhm a bhaineann le córas den tsórt sin ná a chinntiú go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go gcuirtear bac ar earráidí a bhaineann le hábhar nó neamhrialtachtaí nó go mbeifí in ann iad a aimsiú in am tráthúil.

Dearbhaítear gur cuireadh Ráitis Airgeadais 2021 faoi bhráid an Bhoird ar an 9 Meitheamh 2022 agus gur glacadh leo mar chuntas cruinn agus fírinneach ar ioncam agus ar chaiteachas COGG.

Dearbhaím nach bhfuil aon imeachtaí suntasacha iarchláir chomhardaithe ag COGG.

**Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialú cuí a chinntiú tríd seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste Iniúchóireachta & Riosca a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil leis an gcóras inmheánach rialú airgeadais a chomhlíonadh.

Tá an córas um rialú inmheánach atá á fheidhmiú i COGG bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe;
- Na dualgais a leithscaradh;
- Údaruithe ar leith;
- Seiceáil inmheánach;
- Athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuairiscí ina leagtar amach na torthaí iarbhír agus buiséadaithe de na cláir atá á bhfeidhmiú ag COGG

Is iad seo a leanas a chuireann bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach:

- Obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann na tuairiscí iniúchta inmheánaigh agus tuairiscí an iniúchta sheachtraigh a mheas agus tuairisciú don Bhord faoina bhfuil córais leordhóthanacha agus oiriúnacha um rialú inmheánach á bhfeidhmiú ag an bPríomhfheidhmeannach, i dtuairim an iniúchóra inmheánaigh;
- Is í an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais;
- Moltaí atá déanta ag na hiniúchóirí i litreacha bainistíochta agus tuairiscí eile.

Tá an córas inmheánach rialú airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- gur gá córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithnítear agus a chomhaontaíonn an Bord leis an bhFeidhmeannas
- ráiteas faoi shreabhadh airgid ag gach cruinniú Boird le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra
- córas cuntasaíochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá pacáiste cuntasaíochta (SAGE) in úsáid ag an bhFeidhmeannas chun na rialuithe inmheánaigh airgeadais a éascú.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun na feidhme iniúchta inmheánaigh agus seachtrach. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus seachtrach de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus déantar gach iarracht cloí leis an gCód Cleachtais Géilliúlachta agus Maoluithe. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar na ráitis airgeadais bhliantúla.

Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe ag an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca agus faoi réir faomhadh an Bhoird.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialachas**

Tá comhaontú scríofa maoirseachta ag COGG leis an Roinn Oideachais. Bhí dhá chruinniú rialachais ag COGG leis an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2022.

Dearbhaím go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi S / 22 (1) d'Acht na Nochtuithe Cosanta 2014, foilsithe ar shuíomh -gréasáin COGG.

Dearbhaím nach bhfuil aon díospóidí dlíthiúla leanúnacha ag COGG lena mbaineann comhlachtaí Stáit eile de réir na n-oibleagáidí a thagann chun cinn faoi Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (R/CPA).

Dearbhaím nach bhfuil aon díospóidí dlíthiúla ag COGG a bhaineann le caiteachas de € 25,000 nó níos airde leis an ROS agus an Rannóg Vóta R/CPAábhartha de réir spriocdháta bliantúil an 30 Meitheamh den bhliain roimhe sin

Deimhním go gcloítear le rialacha an státchórais maidir le costais taistil.

Deimhním gur chloígh COGG leis na riachtanais maidir le soláthar poiblí agus leis na tairseacha reatha luacha chun rialacha náisiúnta agus soláthair an AE a chur i bhfeidhm.

Deimhním gur forbraíodh agus gur foilsíodh beartais agus nósanna imeachta soláthair don fhoireann agus don Bhord.

Deimhním go bhfuil Cód Cleachtais i bhfeidhm do Bhaill an Bhoird.

Deimhním go bhfuil Beartas Teicneolaíocht Faisnéise i bhfeidhm ag COGG ar a bhfuil uasdátú leanúnach á dhéanamh.

Aithnítear go bhfuil gá le COGG de réir Chreat Beartais na hOifige um Sholáthar Rialtais Plean Corparáideach Soláthair a chur le chéile agus tá seo idir lámha.

Dónal Ó hAiniféin, Meitheamh 2023